Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas



AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT

FORLÍONTAÍ DON LIOSTA VÓTÁLAITHE SPEISIALTA ▸ AN DLÍ TOGHCHÁIN

POSTVÓTÁIL ▸ VÓTÁIL AG OSPIDÉIL, TITHE ALTRANAIS, ETC.

RÉAMHRÁ ▸ VÓTÁIL AG STÁISIÚN VÓTAÍOCHTA EILE

ROCHTAIN LAISTIGH DE STÁISIÚIN VÓTAÍOCHTA ▸ CABHRÚ LE VÓTÁIL

Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas

1 RÉAMHRÁ

Tá socruithe speisialta ann chun cabhrú le toghthóirí faoi mhíchumais áirithe a gcearta vótála a fheidhmiú. Tugtar mionsonraí sa bhileog seo faoi na socruithe sin, ar féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- vótáil ag stáisiún vótaíochta eile mura mbíonn rochtain ar stáisiún áitiúil an duine;
- postvótáil ag toghthóirí a bhíonn ina gcónaí sa bhaile agus nach féidir leo dul go dtí an stáisiún vótaíochta mar gheall ar mhíchumas coirp nó mar gheall ar thinneas coirp;
- saoráidí speisialta vótála ar fáil in ospidéil, tithe altranais nó forais mar iad do chónaitheoirí nach féidir leo dul go dtí an stáisiún vótaíochta mar gheall ar mhíchumas coirp nó mar gheall ar thinneas coirp;
- cúnamh le vótáil ag an stáisiún vótaíochta ó chompánach nó ón oifigeach ceannais do dhaoine le mallachar amhairc, míchumas coirp nó deacracht litearthachta;
- grianghraif agus feathal páirtí polaitíochta a úsáid ar pháipéir bhallóide chun cabhrú le daoine a bhfuil mallachar amhairc orthu agus le daoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu;
- cóip den pháipéar ballóide i gcló mór a bheith ar taispeáint i stáisiúin vótaíochta chun cabhrú tuilleadh le daoine a bhfuil mallachar amhairc orthu agus le daoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.

2 VÓTÁIL AG STÁISIÚNVÓTAÍOCHTA EILE

A mhéid is féidir, caithfidh údaráis áitiúla a ndícheall a dhéanamh ionaid vótaíochta a cheapadh ina mbeidh rochtain ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar stáisiún vótaíochta amháin ar a laghad.

Is é nó í an ceann comhairimh an duine atá freagrach as toghchán a stiúradh i ngach toghlach. I mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh is é nó í an sirriam cathrach nó an sirriam contae an ceann comhairimh, sa chuid eile den tír is é nó í an cláraitheoir contae an ceann comhairimh. Má bhíonn deacracht ag duine rochtain a fháil ar stáisiún vótaíochta áitiúil, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gceann comhairimh – seachtain ar a laghad roimh an lá vótaíochta – chun údarú a fháil vótáil ag stáisiún vótaíochta eile sa toghlach céanna. Tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí de na stáisiúin vótaíochta go léir sa toghlach nach mbíonn rochtain ag úsáideoirí cathaoireachta rothaí orthu.

Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh, ba chóir do dhuine an chúis nach féidir leo rochtain a fháil ar a stáisiún vótaíochta a mhíniú. Má chuireann duine a riachtanais ar leithligh in iúl do cheann comhairimh cabhróidh sé leis an bpróiseas stáisiún oiriúnach eile a roghnú. Más féidir, ba chóir dóibh stáisiún vótaíochta eile a mholadh atá inrochtaine agus áisiúil dóibh féin. Seolfaidh an ceann comhairimh údarú scríofa á chur ar a gcumas vótáil ag stáisiún vótaíochta eile sa toghlach céanna, de ghnáth an stáisiún a bheidh molta acu féin. Ba chóir an t-údarú sin a thabhairt ar aird nuair a théann siad chun vótála ag an stáisiún sin (meabhraigh fianaise chéannachta a bhreith leat chomh maith). Ó bhíonn stáisiún eile ina vótálfar sannta, ní fhéadfaidh duine vótáil ag a stáisiún áitiúil.

ROCHTAIN LAISTIGH DE STÁISIÚIN VÓTAÍOCHTA

Tá an t-urrann vótála caighdeánach deartha chun freastal ar vótóirí ina seasamh suas chun a bpáipéir bhallóide a mharcáil ar laftáin atá ag an meánairde básta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na hurrainn sin oiriúnach do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumais. Bíonn ar chinn comhairimh bord agus cathaoir a chur ar fáil ag stáisiúin vótaíochta ag a bhféafaidh vótálaithe vótáil má mheasann siad sin a bheith níos áisiúla dóibh.

CABHRÚ LE VÓTÁIL

Is leis an oifigeach ceannais, an té a iarrann ainm agus seoladh an thoghthóra agus a fhéachann ar an gcárta faisnéise vótaíochta ar theacht ag an stáisiún, atá an fhreagracht vótaíocht a ghlacadh ag stáisiún vótaíochta. D'fhéadfadh oifigeach ceannais maoirseachta a bheith ar dualgas freisin. Áirítear ar a bhfreagrachtaí faire a dhéanamh ar na socruithe do vótálaithe faoi mhíchumas. Glaofaidh aon duine den fhoireann a bhíonn ar dualgas ar an oifigeach ceannais maoirseachta má iarrann tú orthu sin a dhéanamh.

Is gníomhaíocht bhunúsach dhaonlathach í an vótáil agus tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar i gceart í agus go gcothabháiltear rúndacht agus slándáil na ballóide. Mar shampla, ní cheadaítear cúnamh le vótáil ach amháin in imthosca teoranta.

Tá an dlí an sonrach faoi na cineálacha toghthóirí a fhéadfar cabhair a thabhairt dóibh chun vótála agus an tslí a dtugtar cabhair dóibh agus an té a thugann an chabhair sin dóibh. Caithfidh an t-oifigeach ceannais an dlí sin a chur i bhfeidhm, atá beartaithe lena chinntiú ***go bhféadfaidh*** toghthóir vótáil agus fós go mbíonn rúndacht an vóta sin cosanta.

Ag brath ar an gcineál míchumais, féadfar cabhair a thabhairt do thoghthóir vótáil ar dhá shlí.

Vótáil Compánaigh:

I gcás mallachair amhairc, míchumais choirp nó deacrachta litearthachta, féadfaidh toghthóir cúnamh chun vótála a fháil ó chompánach. Chun gníomhú mar chompánach, caithfidh duine a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad, ní fhéadfaidh sé nó sí a bheith ina iarrthóir nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire d'iarrthóir agus ní fhéadfaidh sé nó sí cúnamh a thabhairt do níos mó ná beirt ag toghchán. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach ceannais cead a thabhairt do chompánach cúnamh a thabhairt do thoghthóir murar deimhin leis nó léi go gcomhlíonann an compánach na coinníollacha sin. Mura bhfuil duine incháilithe le gníomhú mar chompánach, féadfaidh toghthóir duine eile a fháil chun gníomhú mar chompánach nó féadfaidh siad iarraidh ar an oifigeach ceannais cúnamh a thabhairt dóibh.

Cúnamh ón Oifigeach Ceannais:

Is féidir leas a bhaint as an tsaoráid seo i gcás mallachair amhairc, míchumais choirp nó deacrachta litearthachta a chuireann cosc ar an toghthóir vótáil gan chabhair ach nach mian leis nó léi cúnamh a fháil ó chompánach.

Faoin nós imeachta seo, téann an t-oifigeach ceannais agus na gníomhairí pearsanaíochta leis an toghthóir go dtí cuid den stáisiún vótaíochta nach dtarlódh le daoine eile comhrá i ngnáth-thuin a chloisteáil. Más gá, cuirfidh an t-oifigeach ceannais iontráil chuig an stáisiún vótaíochta ar fionraí agus dúnfaidh sé nó sí an stáisiún lena chinntiú nach dtarlódh le haon duine eile an próiseas vótála a chloisteáil. Is cosaint é a bheith ann do ghníomhairí pearsanaíochta lena dheimhniú go gcomhlíonann an t-oifigeach ceannais do threoracha. Is cosaint é don toghthóir agus don oifigeach ceannais. Faoi mar is amhlaidh le gach duine a bhíonn páirteach i vótaíocht, tá oibleagáid reachtúil ar ghníomhairí pearsanaíochta rúndacht na ballóide a choinneáil.

Fiafróidh an t-oifigeach ceannais cé na hiarrthóirí ar mian leis an toghthóir vótáil dóibh agus marcálfaidh sé nó sí an páipéar ballóide de réir na dtreoracha sin. Más gá, léifidh an t-oifigeach ceannais amach sonraí an pháipéir ballóide i ndáil le gach iarrthóir agus fiafróidh sé nó sí cén t-iarrthóir ar mian leis an toghthóir a vóta chéad rogha a thabhairt dó nó di. Déanfaidh sé/sí an nós imeachta sin an athuair do vóta dara rogha an toghthóra agus mar sin de. Nuair a bhíonn an páipéar ballóide marcáilte de réir threoracha an toghthóra, cuirfidh an t-oifigeach ceannais sa bhosca ballóide ar an ngnáthshlí é.

Toirmisceann an dlí go sonrach don oifigeach ceannais gníomhú ar aon treoracha i scríbhinn a fhaightear ó vótálaí. Is í an chúis atá leis sin ná go mb'fhéidir nach léireodh na treoracha i scríbhinn fíormhianta an vótálaí – d'fhéadfadh sé gur duine éigin eile a scríobh iad, mar shampla.

Ba chóir d'aon duine ar mian leo cúnamh chun vótála a fháil ***ón oifigeach ceannais,*** más féidir, dul chuig an stáisiún vótaíochta go maith sula ndúnfaidh sé san oíche. D'fhéadfadh sé

tamall a thógáil cúnamh a thabhairt do thoghthóir agus ceadaíonn an dlí, dá bhrí sin, don oifigeach ceannais iarratas ar chúnamh a dhiúltú i rith an dá uair an chloig deiridh den vótáil (i.e. an t-am is gnóthaí) más rud é go gcuirfeadh cúnamh a thabhairt do thoghthóir moill nó bac ar dhaoine eile. Is leasc le hoifigigh ceannais an chumhacht seo a úsáid agus le comhoibriú tuisceanach níor chóir go mbeadh gá leis. Ní bhaineann an srian seo le vótáil compánaigh, i.e. is féidir le toghthóir cúnamh a fháil ó chompánach ag aon tráth i rith na n-uaire vótaíochta.

5 POSTVÓTÁIL

In imthosca go gcuireann míchumas coirp nó tinneas coirp cosc ar thoghthóir dul go dtí stáisiún vótaíochta agus go mbíonn an toghthóir ina chónaí nó ina cónaí sa bhaile, is féidir leo vótáil leis an bpost trí iarratas a dhéanamh iad a chur ar liosta na bpostvótálaithe a tharraingítear suas gach bliain mar chuid de chlár na dtoghthóirí.

Chun duine a chur ar liosta na bpostvótálaithe, caithfear iarratas a dhéanamh chuig an gcomhairle contae nó cathrach iomchuí faoin 25ú Samhain gach bliain. Is féidir foirmeacha iarratais a fháil trí ghlaoch ar an gcomhairle contae nó cathrach agus tá siad ar fáil freisin in oifigí poist, i leabharlanna poiblí, in oifigí údaráis áitiúil agus i stáisiúin Gardaí. Cuirtear foirm iarratais de ghnáth leis an bpost chuig gach duine atá ar liosta postvótálaithe na bliana reatha. Áirítear ar an bhfoirm iarratais foráil do dheimhniú liachta nach mbíonn gá de ghnáth leis ach amháin i gcás an chéad iarratais.

Ag toghchán nó reifreann, cuirfear sraith de dhoiciméid vótála, a bheidh comhdhéanta de pháipéar ballóide, admháil don pháipéar ballóide, clúdach ina bhfuil an páipéar ballóide marcáilte le cur agus clúdach níos mó chun na doiciméid vótála a chur ar ais chuig an gceann comhairimh, chuig postvótálaí. Nuair a bhíonn an páipéar ballóide marcáilte, caithfidh an toghthóir é a chur sa chlúdach a bhfuil "Clúdach Páipéir Ballóide" marcáilte air agus é a shéalú. Ba chóir an clúdach seo leis an admháil don pháipéar ballóide comhlánaithe a chur isteach ansin sa chlúdach mór atá dírithe chuig an gceann comhairimh, é a shéalú agus a phostáil láithreach. Caithfear an páipéar ballóide a chur sa phost agus ní féidir é a shíneadh isteach chuig an gceann comhairimh.

6 VÓTÁIL AG OSPIDÉIL, TITHE ALTRANAIS, ETC.

Féadfaidh duine a bhfuil cónaí air nó uirthi in ospidéal, i dteach altranais nó i bhforas dá leithéid agus atá faoi mhíchumas coirp nó a bhfuil tinneas coirp air nó uirthi a choscann é nó í ó dul chuig stáisiún vótaíochta vótáil ag an ospidéal/teach altranais etc. má dhéanann sé nó sí iarratas ar é nó í a chur ar liosta vótálaithe speisialta a tharraingítear suas gach bliain mar chuid de chlár na dtoghthóirí.

Chun duine a chur ar an liosta vótálaithe speisialta, caithfear iarratas a dhéanamh chuig an gcomhairle contae nó cathrach faoin 25ú Samhain gach bliain. Is féidir foirmeacha iarratais a fháil trí ghlaoch ar an gcomhairle contae nó cathrach agus tá siad ar fáil freisin in oifigí poist, i leabharlanna poiblí, in oifigí údaráis áitiúil agus i stáisiúin Gardaí. Cuirtear foirm iarratais de ghnáth leis an bpost chuig gach duine atá ar liosta vótálaithe speisialta na bliana reatha. Áirítear ar an bhfoirm iarratais foráil do dheimhniú liachta nach mbíonn gá de ghnáth leis ach amháin i gcás an chéad iarratais.

Ag toghchán nó reifreann, cuirfear in iúl don toghthóir an lá agus an neas-am (am/pm) a dtiocfaidh oifigeach ceannais speisialta chuig an ospidéal/teach altranais/etc. chun go bhféadfaidh sé nó sí vóta a chaitheamh. Beidh fianaise chéannachta ar iompar ag an oifigeach ceannais speisialta mar aon le barrántas ceapacháin a thabharfaidh sé/sí ar aird an toghthóra lena iniúchadh ar theacht dó/di. Beidh Garda i dteannta an oifigigh ceannais speisialta arb é an ról a bheidh aige nó aici na páipéir bhallóide a ghardáil (ar an tslí chéanna a dhéantar i stáisiún vótaíochta) agus gníomhú mar fhinné neamhspleách lena chinntiú go ndéantar an nós imeachta vótála i gceart.

Is é nó í an t-oifigeach ceannais agus an Garda amháin a fhéadfaidh a bheith i láthair nuair a bhíonn an vóta á chaitheamh. Tabharfaidh an t-oifigeach ceannais dearbhú céannachta don toghthóir a dhéanfaidh sé nó sí a fhiannú. Ansin marcálann an toghthóir an páipéar ballóide faoi rún, cuireann sa chlúdach speisialta a bhíonn ar fáil é, dúnann an clúdach agus tugann don oifigeach ceannais é.

Má bhíonn gá le cúnamh chun vótála, tabharfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta é ar an tslí chéanna a dhéantar ag stáisiún vótaíochta.

7 FORLÍONTAÍ DON LIOSTA POSTVÓTÁLAITHE AGUS DON LIOSTA VÓTÁLAITHE SPEISIALTA

Féadfaidh toghthóirí a bhfuil tinneas coirp orthu nó atá faoi mhíchumas coirp agus atá incháilithe do liosta na bpostvótálaithe nó don liosta vótálaithe speisialta, ach nach bhfuil ar na liostaí sin, de réir mar is cuí, iarratas a dhéanamh lena gcur ar an bhforlíonadh iomchuí do na liostaí sin a fhoilsítear roimh gach toghchán agus reifreann.

Is é an dáta is deireanaí chun iarratais ar an bhforlíonadh a fháil ag na húdaráis chlárúcháin roimh vótaíocht ná dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú um lá vótaíochta a bheith déanta i gcás chorrthoghchán Dála nó i gcás thoghchán Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúil nó i gcás Reifrinn. Faoi mar is amhlaidh do ghnáthfhorlíonadh don chlár, áfach, féadfar iarratas ar ainm a chur ar fhorlíonadh postvótálaithe agus vótálaithe speisialta a dhéanamh tráth ar bith ó bhíonn an toghthóir incháilithe le cur ar an bhforlíonadh.

8 AN DLÍ TOGHCHÁIN

Ní airbheartaíonn an t-eolas atá sa nóta seo a bheith ina ráiteas deifinídeach den dlí ar chlárú toghthóirí, ar chúnamh le vótáil, ar liosta na bpostvótálaithe, ar an liosta vótálaithe speisialta agus ar fhorlíontaí do na liostaí sin. Tá an dlí leagtha amach i:

- Cuid II den Acht Toghcháin 1992, agus sa Dara Sceideal atá ag gabháil leis
- Acht Toghcháin (Leasú) 1996
- Alt 76 den Acht Toghcháin 1997
- Acht Toghcháin (Leasú) 2001.

Tá na hAchtanna sin ar fáil ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Is féidir iad a íoschóipeáil freisin ó láithreán gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie

Bileoga Eolais Eile

Seo a leanas bileoga eile sa tsraith seo atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.environ.ie:

Mar a dToghtar an tUachtarán

An Reifreann in Éirinn

Mar a Thoghtar an Dáil (Teach Íochtarach na Parliminte)

Mar a dToghtar an Seanad (Teach Uachtarach na Parliminte)

Parlaimint na hEorpa:
Mar a Thoghtar Ionadaithe na hÉireann

Mar a dToghtar Comhaltaí Údarás Áitiúil

Clár na dToghthóirí

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Meán Fómhair 2006.